# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 13 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair 4 (**CEITHRE**) cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN B
**220 MARC**

**1.** Tá an t-eolas seo a leanas ar an lipéad ar arán pacáistithe.

### *Arán Caiscín*

**EOLAS COTHAITHE**

| Luach tipiciúil in aghaidh gach 100g | |
|---|---|
| Fuinneamh | 204kcal |
| Próitéin | 9.4g |
| Carbaihiodráit | 40.3g |
| Siúcraí | 5.8g |
| Saill | 3.2g |
| Snáithín | 5.8g |
| Mianraí - Sóidiam | 1.0g |



**COMHÁBHAIR**
Plúr Caiscín Cruithneachta, Plúr Cruithneachta, Bran Cruithneacha, Bláthach, Gníomhaí Ardúcháin, Salann, Leasaitheach (E202, E282) Eiblitheoir (E471), Blastán.

**COMHAIRLE AILLÉIRGE**
Tá glútan ann.

**(a)** Bain úsáid as an eolas cothaithe atá tugtha thuas agus déan measúnú ar luach cothaitheach an Aráin Chaiscín.

**(b)** **(i)** Ainmnigh na breiseáin bhia atá liostaithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhmeanna na mbreiseán bia.

**(c)** **(i)** Cén comhábhar a dhéanann an t-arán mí-oiriúnach do chéiliaigh?

**(ii)** Ainmnigh gníomhaí ardúcháin atá oiriúnach don arán.

**(d)** Déan biachlár a dhearadh do lón pacáilte a bheadh oiriúnach do dhéagóir atá ag freastal ar scoil agus an t-arán caiscín in úsáid agat.

**2.** **(a)** Liostaigh na coinníollacha atá riachtanach le go bhfásfadh miocrorgánaigh.

**(b)** **(i)** Ainmnigh **dhá** bhaictéar a bhíonn ina gcúis le nimhiú bia.

**(ii)** Tabhair foinse éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ag **gach ceann** de na baictéir a d'ainmnigh tú.

**(c)** Liostaigh na cúiseanna a dhéantar bia a phróiseáil.

**(d)** **(i)** Luaigh na treoirlínte le leanúint agus glasraí á reo.

**(ii)** Mínigh na téarmaí: ***roisreo*** agus ***mear-reo***.

**3.** **(a)** Liostaigh na buntáistí a bhaineann le buiséadú.

**(b)** **(i)** Déan plé ar na pointí ba chóir a chur san áireamh agus buiséad teaghlaigh á phleanáil.

**(ii)** Pleanáil buiséad teaghlaigh bunaithe ar mheánioncam seachtainiúil.

**(c)** Mínigh an difríocht idir asbhaintí reachtúla agus asbhaintí saorálacha agus tabhair sampla **amháin** de **gach** cineál díobh.

**(d)** Mínigh an téarma ***creidmheasanna cánach***.

**4.** **(a)** Tarraing léaráid lipéadaithe de struchtúr na fiacaile.

**(b)** Ainmnigh **ceithre** chineál buanfhiacla agus luaigh an fheidhm atá ag **gach ceann** díobh.

**(c)** Liostaigh na treoirlínte le leanúint chun na fiacla a choinneáil sláintiúil.

**(d)** Ainmnigh **trí** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ag baint le fiacla míshláintiúla.

**5.** **(a)** Liostaigh **ceithre** fhearas bheaga i gcomhair bia a ullmhú a úsáidtear sa teach sa bhaile.

**(b)** Liostaigh na treoirlínte ba chóir a chur san áireamh agus fearais bheaga tí á roghnú **agus** á gceannach agat.

**(c)** Ainmnigh agus mínigh **trí** mhodh aistrithe teasa.

**(d)** **(i)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach teach a insliú?

**(ii)** Ainmnigh **trí** chineál inslithe a úsáidtear sa teach sa bhaile.

**6.** **(a)** Déan plé ar na tosca ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn bogfheistis tí á roghnú don teach sa bhaile.

**(b)** Tabhair **ceithre** fheidhm atá ag bogfheistis tí.

**(c)** Liostaigh **trí** airí inmhianaithe d'fhabraic le haghaidh cuirtíní.

**(d)** Ainmnigh **trí** bhogfheisteas tí eile seachas cuirtíní atá oiriúnach do sheomra leapa déagóra, dar leat.

**(e)** Mínigh cad is brí le: ***Haute couture*** agus ***Prêt-à-porter***.

Leathanach Bán